# Taighde Fócasghrúpa chun Athbhreithniú a Dhéanamh ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (EPSEN)

## Heileo!

Is grúpa taighdeoirí muid ó Scoil an Oideachais ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

D'iarr an tAire um Oideachas Speisialta agus Ionchuimsiú, an tUasal Josepha Madigan orainn taithí daoine leis an Acht EPSEN, 2004, a fhiosrú. Déanfar é sin trí leas a bhaint as taighde fócasghrúpa.

Tugadh an tAcht EPSEN, 2004, isteach chun a chinntiú go dtacófar le leanaí le riachtanais speisialta oideachais i scoileanna.

Táimid ag iarraidh cloisteáil faoi do thaithí leis an Acht EPSEN, 2004.

## Taighde Fócasghrúpa

Is éard atá i gceiste le fócasghrúpa ná daoine ag teacht le chéile chun a gcuid taithí agus smaointe a roinnt maidir le topaic áirithe. Sa chás seo, is é an tAcht EPSEN, 2004, an topaic.

Tá dhá chineál fócasghrúpa ann ar féidir leat páirt a ghlacadh iontu:

### Grúpa 1: Fócasghrúpaí le Daoine Fásta (18 agus níos sine)

- Beidh 5 fhócasghrúpa le daoine fásta ann, le 20-25 duine i ngach ceann.
- Féadfar a áireamh i measc na rannpháirtithe tuismitheoirí, múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, iarscoláirí aosaigh, agus daoine eile a oibríonn le leanaí a bheith riachtanais speisialta oideachais orthu.
- Cruinneoidh na grúpaí seo i bpearsa. Mar sin féin, tá seans go mbeidh an deis ann freastal ar na cruinnithe ar líne murar féidir leat freastal orthu i bpearsa mar gheall ar fhad, ar dhualgais cúraim, nó ar fháthanna eile a dhéanann deacair é freastal ar na cruinnithe i bpearsa.
- Déanfar gníomhaíochtaí fócasghrúpa a thaifead ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, taifid fuaime, breacadh nótaí, agus bileoga oibre.

**Grúpa 2: Fócasghrúpaí le Páistí agus Daoine Óga (10 go 18 bliana d'aois)**

- Beidh 4 ghrúpa de 12-15 páistí agus daoine óga ann.
- Cruinneoidh 3 ghrúpa de na grúpaí sin i bpearsa.
- Cruinneoidh 1 ghrúpa amháin ar líne.
- Déanfar gníomhaíochtaí fócasghrúpa a thaifead ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, taifid fuaime, breacadh nótaí, agus bileoga oibre.
- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do pháistí áirithe nach dteastaíonn uathu a bheith mar chuid d'fhócasghrúpaí pacáiste gníomhaíochta a dhéanamh a sheolfar chucu sa phost.

## Cén Chead Chéim Eile?

Más mian leat páirt a ghlacadh, seol ríomhphost chuig Foireann Taighde EPSEN ag UCD epsen@ucd.ie agus inis don fhoireann gur mian leat páirt a ghlacadh:

- Ba mhaith liom páirt a ghlacadh i bhFócasghrúpa do Dhaoine Fásta.
- Ba mhaith liom go nglacfaidh mo leanbh páirt san Fhócasghrúpa do Leanaí agus Daoine Óga.
- Ba mhaith liom páirt a ghlacadh i bhFócasghrúpa do Dhaoine Fásta agus go nglacfaidh mo leanbh páirt san Fhócasghrúpa do Leanaí agus Daoine Óga.
- Ba mhaith liom níos mó eolas a fháil maidir leis na cineálacha éagsúla fócasghrúpaí atá ann.

## Cad a tharlaíonn má sheolaim ríomhphost chuig Foireann Taighde EPSEN UCD?

**Fócasghrúpa do Dhaoine Fásta**

- Seolfaimid bileog Eolais agus Thoilithe chugat.
- Iarrfar ort foirm thoilithe a shíniú.
- Iarrfar ort tuilleadh sonraí a chur ar fáil fút féin ionas gur féidir linn rannpháirtithe a roghnú le haghaidh na fócasghrúpaí.
- Más iarscoláire tú le riachtanais speisialta oideachais, ba mhaith linn cruinniú eolais agus toilithe a bheith againn leat ar líne.

**Fócasghrúpa le Páistí agus Daoine Óga**

- Seolfaimid Bileog Eolais agus Thoilithe do Thuismitheoir(í)/Caomhnóir(í), mar aon le Bileog Eolais do Pháistí.
- Iarrfar ar Thuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) an fhoirm thoilithe a shíniú agus a sheoladh ar ais.
- Iarrfar ar Thuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoina bpáiste ionas gur féidir linn rannpháirtithe a roghnú le haghaidh na fócasghrúpaí agus na pacáistí gníomhaíochta.

- Beidh cruinniú Eolais agus Toilithe againn ar líne le Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) agus a bpáiste.

**Tá seans ann go mbeadh spéis ag níos mó daoine páirt a ghlacadh ná mar is féidir linn a chur san áireamh, mar sin d'fhéadfaí nach roghnófar tú le páirt a ghlacadh.**

**É sin ráite, déanfaimid ár ndícheall chun a chinntiú go ndéanfaidh na fócasghrúpaí ionadaíocht ar a mhéad dearcthaí agus taithí éagsúla agus is féidir.**

## Cad a dhéanfaimid leis na sonraí a bhailímid?

Bainfimid úsáid astu chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Rannpháirtithe a roghnú
- Gníomhaíochtaí fócasghrúpa a dhearadh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile agus tuarascáil a scríobh don Aire um Oideachas Speisialta agus Ionchuimsiú faoi do chuid taithí ar EPSEN.

## Conas a gcosnóimid do phríobháideachas?

- Is ag Foireann Taighde EPSEN UCD amháin a mbeidh rochtain ar do chuid faisnéise céannachta (mar shampla, ainm, aois nó riachtanais speisialta oideachais)
- Ní bheidh rochtain ag an Roinn Oideachais ar an bhfaisnéis go dtí go mbainfear an fhaisnéis chéannachta uile.
- Ní áireofar aon fhaisnéis lena bhféadfaí tú a aithint sa tuarascáil deiridh.
- Tá an fhaisnéis uile a bhailítear faoi rún seachas má roinneann tú faisnéis lena léirítear go bhfuil tú féin nó duine eile a bhfuil aithne agat orthu i mbaol. Déanfar aon bhaol do leanaí a thuairisciú do TUSLA.

## Buntáistí agus Rioscaí

- D'fhéadfá sult a bhaint as cuid de na heispéiris a roinneann tú féin nó daoine eile, nó seans go ngoillfeadh siad ort.
- Seans go mbeadh ort achar fada a thaisteal chun freastal ar an imeacht agus go mbeadh ort am a ghearradh amach as do ghnáthlá.
- Féadfaidh tú bualadh le duine a bhfuil aithne agat air ag an bhfócasghrúpa?
- Beidh an deis agat labhairt faoin taithí a bhí agat le EPSEN, 2004.

## Cad a tharlaíonn má bheartaím páirt a ghlacadh ach ansin go n-athraím m'intinn?

- Tá sé de cheart agat é sin a dhéanamh aon uair roimh agus i rith lá an fhócasghrúpa.

- Le linn an fhócasghrúpa, féadfaidh tú na gníomhaíochtaí ar mhaith leat páirt a ghlacadh iontu a roghnú.
- Má tá tú tar éis páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht, seans nach mbeifear in ann an méid a chur tú leis an ngníomhaíocht a bhaint.
- Más féidir é a bhaint, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig Foireann Taighde EPSEN UCD (epsen@ucd.ie) suas le dhá lá oibre i ndiaidh chruinniú an fhócasghrúpa.

## Aiseolas maidir le Torthaí Taighde

- I ndiaidh dúinn an tuarascáil le haghaidh an Aire um Oideachas Speisialta agus Ionchuimsiú a scríobh, seolfaimid ríomhphost chugat le hachoimre ar na príomhthorthaí ann.
- Tabhair do d’aire gur seans go mbeidh roinnt míonna ann i ndiaidh do rannpháirtíochta sular féidir linn é sin a dhéanamh.